MHC Coimisiún Meabhair-Shláinte | Mental Health Commission

Athbhreithnithe 19 Samhain 07

FOIRM 8

AN tACHT MEABHAIR-SHLÁINTE 2001
ALTANNA 18, 21(2), 28(5), 58

LEATHANACH 1 DE 2

CINNEADH AN BHINSE MEABHAIR-SHLÁINTE

CEANNLITREACHA BLOIC (Léigh na nótaí thall roimh duit an fhoirm seo a chomhlánú)

1. Ainm agus Seoladh Baile an Othair

Inscne F ☐ B ☐

Glacadh an t-othar seo isteach ar bhunús ainneonach chuig

2. Ainm Iomlán agus Seoladh Baile an Ionaid Cheadaithe

an

3. Dáta Ghlactha Ainneonach ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ ***Féach nóta ar an leathanach thall**

Tá athbhreithniú déanta ag an mBinse Meabhair-Shláinte ar an othar seo an:

4. Dáta Bhinse Meabhair-Shláinte ☐☐/☐☐/☐☐☐☐

5. ***Tuairisc Alt 17(1)(c)*** **Tá baill an Bhinse seo tar éis machnamh a dhéanamh ar an tuairisc seo roimh dúinn aon chinneadh a dhéanamh faoi *Alt 18* den Acht Meabhair-Shláinte.** ☐

6. ***Alt 18(1)***

Tá neamhord meabhrach ar an othar ☐
Níl neamhord meabhrach ar an othar ☐

- Comhlíonadh forálacha *Ailt 9, 10, 12, 14, 15* agus *16,* **más infheidhme** ☐
- Níor comhlíonadh forálacha *Ailt 9, 10, 12, 14, 15* agus *16,* más infheidhme, ach ní dhéanann an mhainneachtain difear do shubstaint an ordaithe agus **ní cúis í le héagóir** ☐
- Níor comhlíonadh forálacha *Ailt 9, 10, 12, 14, 15* agus *16,* más infheidhme, ach déanann an mhainneachtain difear do shubstaint an ordaithe agus **is cúis í le héagóir** ☐

7. Tá cinneadh an Bhinse Meabhair-Shláinte mar seo a leanas
Déan tagairt do *Alt 18(1), 21(2), 28(5)* nó *58* de réir mar is cuí

Déanaimid an t-ordú seo a dhaingniú ☐ Déanaimid an t-ordú seo a chúlghairm ☐

8. Cuirfidh an Binse na daoine seo a leanas ar an eolas i scríbhinn maidir leis an gcinneadh faoi réir *Alt 18(5).*

An Coimisiún	☐
An Sainchomhairleoir atá freagrach	☐
An tOthar agus a (h)Ionadaí Dlíthiúil,	☐
Name(s)Aon duine eile (ar ceart, i dtuairim an bhinse, fógra a thabhairt dó nó di) Ainm(neacha)	☐

Sínithe:

Cathaoirleach an Bhinse: _____ **Dáta:** ☐☐/☐☐/☐☐

Síciatraí Sainchomhairleach an Bhinse: _____ **Dáta:** ☐☐/☐☐/☐☐

Ball Thuata an Bhinse: _____ **Dáta:** ☐☐/☐☐/☐☐

Le húsáid faoi réir an Achta Meabhair-Shláinte 2001 amháin. Bíonn pionóis i gceist má thugtar faisnéis bréagach nó míthreorach.

Is treoir amháin atá sna nótaí agus ní ráiteas cruinn atá iontu ar fhorálacha an Achta Meabhair-Shláinte 2001.

Lánscoireann an tAcht Sláinte 2004 na Boird Sláinte. Ní mór tagairtí do Bhoird Sláinte san Acht Meabhair-Shláinte 2001 a léamh mar thagairtí do Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte.

ALTANNA AN ACHTA MEABHAIR-SHLÁINTE 2001

18.— (1) I gcás ina mbeidh ordú maidir le glacadh isteach nó ordú athnuachana tarchurtha chuig binse faoi *alt 17*, déanfaidh an binse athbhreithniú ar choinneáil an othair lena mbaineann agus déanfaidh sé—

(a) más deimhin leis go bhfuil neamhord meabhrach ar an othar, agus

(i) gur comhlíonadh forálacha *ailt 9, 10, 12, 14, 15* agus *16*, más infheidhme, nó

(ii) i gcás inar mainníodh aon fhoráil den sórt sin a chomhlíonadh, nach ndéanann an mhainneachtain difear do shubstaint an ordaithe agus nach cúis í le héagóir, an t-ordú a dhaingniú, nó

(b) más rud é nach deimhin leis amhlaidh, an t-ordú a chúlghairm agus a ordú go n-urscaoilfear an t-othar ón ionad ceadaithe lena mbaineann.

(2) Déanfar cinneadh faoi *fho-alt (1)* a luaithe agus is féidir ach tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis an t-ordú maidir le glacadh isteach lena mbaineann nó, de réir mar a bheidh, an t-ordú athnuachana lena mbaineann a dhéanamh.

(3) Sula ndéanfar cinneadh faoi *fho-alt (1)*, tabharfaidh binse aird ar an tuarascáil iomchuí faoi *alt 17(1)(c).*

(4) Maidir leis an tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (2),* féadfaidh an binse lena mbaineann, le hordú (cibé acu uaidh féin nó ar iarraidh ón othar lena mbaineann), í a fhadú go ceann tréimhse breise 14 lá agus dá éis sin féadfaidh sé í a leathnú tuilleadh le hordú go ceann tréimhse 14 lá ar iarratas ón othar más deimhin leis an mbinse gur le leas an othair é sin a dhéanamh agus leanfaidh an t-ordú iomchuí maidir le glacadh isteach nó, de réir mar a bheidh, an t-ordú athnuachana iomchuí de bheith i bhfeidhm go dtí an dáta a rachaidh an t-ordú arna dhéanamh faoin bhfo-alt seo in éag.

(5) Déanfar fógra i scríbhinn maidir le cinneadh faoi *fho-alt (1)* agus na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin a thabhairt—

(a) don Choimisiún,

(b) don síciatraí sainchomhairleach atá freagrach as cúram agus cóireáil an othair lena mbaineann,

(c) don othar agus dá ionadaí nó dá hionadaí dlíthiúil, agus

(d) d'aon duine eile ar ceart, i dtuairim an bhinse, an fógra sin a thabhairt dó nó di.

(6) Déanfar an fógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)* a thabhairt a luaithe is féidir tar éis an cinneadh a dhéanamh agus laistigh den tréimhse a shonraítear i *bhfo-alt (2)* nó, más rud é go ndéantar an tréimhse sin a fhadú le hordú faoi *fho-alt (4)*, laistigh den tréimhse a shonraítear san ordú sin.

(7) San alt seo folóidh tagairtí d'ordú maidir le glacadh isteach tagairtí don mholadh iomchuí agus don iarratas iomchuí.

*** Baineann an dáta ghlactha ainneonacha leis an dáta tosaithe den tréimhse reatha coinneála, m.sh,**

1) Más Foirm 6 a chur tús leis an tréimhse, an dáta a síníodh Foirm 6

2) Más Foirm 13 a chur tús leis an tréimhse; - an dáta a síníodh Foirm 13 (Alt Ordú Ghlactha)

3) Más é an tAcht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945 a chur tús leis an tréimhse; - an dáta a cuireadh tús leis an ordú.